Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 25 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10246/18**

**CFSP/PESC 589**
**CSDP/PSDC 351**
**COPS 227**
**POLMIL 91**
**CIVCOM 122**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10174/18 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3628ú cruinniú a bhí aici ar an 25 Meitheamh 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SLÁNDÁIL AGUS COSAINT I GCOMHTHÉACS STRAITÉIS DHOMHANDA AN AONTAIS EORPAIGH

Faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh i réimse na slándála agus na cosanta, agus na treoracha rialta ón gComhairle Eorpach á leanúint aici mar aon leis na conclúidí agus na treoracha eile uaithi maidir leis an réimse seo, meabhraítear don Chomhairle a dhiantiomanta atá sí do leibhéal uaillmhéine an Aontais a chur chun feidhme agus í ag freagairt do choinbhleachtaí agus do ghéarchéimeanna seachtracha, agus acmhainní na gcomhpháirtithe á bhfothú agus an tAontas gona chuid saoránach á gcosaint aici ag an am céanna. Ach aghaidh a thabhairt go leanúnach ar na riachtanais slándála atá ag an Eoraip faoi láthair agus a bheidh aici amach anseo, cuirfidh an tAontas lena chumas gníomhú mar sholáthróir slándála, lena neamhspleáchas straitéiseach, agus lena ábalta a bheidh sé comhoibriú lena chomhpháirtithe. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle na tograí uaillmhianacha atá curtha i láthair ag an gCoimisiún maidir leis an tslándáil agus an chosaint i gcreat an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, agus go háirithe ceannteideal buiséadach tiomnaithe a chruthú don tslándáil agus an chosaint.

Seo a leanas an méid a rinne an Chomhairle inniu:

Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO)

1. I gcomhthéacs an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO), ghlac sí Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an tacar coiteann de rialacha rialachais do na tionscadail a dhéantar sa chreat sin.

2. Is fada leis an gComhairle go nglacfar moladh ón gComhairle, i bprionsabal i mí an Iúil 2018, maidir le seicheamhú chomhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí arna nglacadh ag na Ballstáit atá rannpháirteach in PESCO agus maidir le cuspóirí níos beaichte a shonrú.

3. Molann sí an obair leanúnach atá á déanamh ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na seacht dtionscadal PESCO a chur chun feidhme agus molann sí do na Ballstáit, i gcomhthéacs an dara glao ar thionscadail PESCO, tuilleadh moltaí uaillmhianacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oibríochtúla an Aontais agus ar na tosaíochtaí forbartha cumais arna gcomhaontú, agus rannchuidiú, ar an gcaoi sin, leis na gealltanais níos ceangailtí a chomhlíonadh agus Leibhéal Uaillmhéine an Aontais a bhaint amach, d'fhonn liosta na dtionscadal PESCO agus a gcuid rannpháirtithe a nuashonrú faoi mhí na Samhna 2018.

4. Tá an Chomhairle ag súil go nglacfar cinneadh ón gComhairle, i bprionsabal i mí na Samhna 2018, maidir leis na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfadh tríú stát a bheith rannpháirteach ar bhonn eisceachtúil i dtionscadail PESCO, agus iarrann sí go gcuirfí tús leis an obair i ndáil leis sin gan mhoill.

<u>Plean Forbraíochta um Chumas (CDP) agus an tAthbhreithniú Comhardaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD)</u>

5. Formheasann sí an Catalóg den Dul Chun Cinn 2018 ina soláthraítear an measúnú míleata ar na heaspaí i ndáil le cumais a bhfuil tús áite acu agus ar na spriocanna ardtionchair i ndáil le cumais, atá le baint amach i gcur chuige céimnithe, mar thoradh ar Phróiseas na bPríomhspriocanna a seoladh i mí na Samhna 2016, tar éis an chomhaontaithe i ndáil le leibhéal uaillmhéine an Aontais.

6. Is fada leis an gComhairle go ndéanfar Tosaíochtaí Forbartha Cumas an Aontais a fhormheasadh, rud ar cheart dó tarlú gan mhoill, ag eascairt as athbhreithniú PFC, agus na heaspaí i ndáil le cumais a bhfuil tús áite acu agus na spriocanna ardtionchair i ndáil le cumais á gcur san áireamh freisin. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2017, tá an Chomhairle ar aon fhocal go mbeidh na tosaíochtaí sin, atá mar phríomhthagairt i ndáil le forbairt cumas na mBallstát agus an Aontais, go mbeidh siad ina dtreoir ag CARD, PESCO agus an Ciste Eorpach Cosanta, lena dtiocfadh mórathrú ar an gcomhar cosanta, agus lena rannchuideofar, dá réir sin, le comhsheasmhacht a bhaint amach idir na trí thionscadal seo ar tionscadail ar leith iad ach ar tionscadail iad freisin lena ndéantar a chéile a neartú. Molann an Chomhairle freisin do na Ballstáit torthaí na trialach CARD agus na dtimthriallta CARD a bheidh ann amach anseo a chur san áireamh agus na tosaíochtaí sin á gcur chun feidhme acu.

Foinse aonair fórsaí

7. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil 'foinse aonair fórsaí' ag na Ballstáit is féidir leo a úsáid i gcreataí éagsúla, agus dá réir sin, má dhéantar cumais na mBallstát a fhorbairt trí CBSC agus trí ionstraimí an Aontais a úsáid, rannchuideofar freisin le neartú na gcumas sin a d'fhéadfadh a bheith ar fáil amach anseo do na Náisiúin Aontaithe agus ECAT.

An Ciste Eorpach Cosanta

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) lena ndírítear ar an iomaíochas, an éifeachtúlacht agus an cumas nuálaíochta a chothú sa tionscal cosanta ar fud an Aontais, rud a chuirfidh le huathriail straitéiseach an Aontais. Leis an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, ba cheart go ndíreofaí ar chláir forbartha chomhoibritheacha a dhreasú i gcomhréir leis na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta arna gcomhaontú ag na Ballstáit ar leibhéal an Aontais faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Cumas.

9. Tugann an Chomhairle dá haire an togra ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2018 le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta don tréimhse 2021-2027. Iarrann sé go gcuirfí na ceachtanna a foghlaimíodh le EDIDP agus leis an mBeart Ullmhúcháin sa taighde cosanta san áireamh sa rialachán sin de réir mar is iomchuí. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá go mbeadh na Ballstáit lánpháirteach i gcur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta, go mbainfí lántairbhe as tuairimí agus saineolas na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint agus go mbeadh lámh ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ann freisin. Ina theannta sin, measann an Chomhairle go bhféadfadh ionstraimí airgeadais a bheith ina n-uirlis iomchuí don Chiste Eorpach Cosanta tar éis 2020 agus iarrann sí go ndéanfar tuilleadh oibre i ndáil leis sin.

An tSaoráid Síochána Eorpach

10. Tugann an Chomhairle dá haire an togra ón Ardionadaí, le tacaíocht ón gCoimisiún, chun Saoráid Síochána Eorpach (EPF) a bhunú, déanann sí a cuid féin den mhian go gcuirfí feabhas ar ábaltacht an Aontais an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, trí fheabhas a chur ar mhaoiniú ghníomhaíochta faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata agus trí fheabhas a chur ar ábaltacht an Aontais é féin a oiriúnú ar bhealach solúbtha do riachtanais agus tosaíochtaí atá ag athrú i rith an ama. Iarrann sí ar chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle leanúint ar aghaidh leis an obair agus moltaí nithiúla a chur i láthair maidir leis an tSaoráid atá á beartú, lena n-áirítear tríd an togra a oiriúnú más gá, agus aird ar leith á tabhairt ar na riachtanais a measúnaíodh a bheith ann, riachtanais airgeadais san áireamh, agus ról na mBallstát á urramú i rialachas na Saoráide atá á beartú, mar aon le hinniúlacht na Comhairle i ndáil le CBES.

Ina theannta sin, meabhraítear don Chomhairle, i gcomhréir lena conclúidí an 13 Samhain 2017, go gcaithfear athbhreithniú cuimsitheach shásra Athena a thabhairt chun críche.

An tSoghluaisteacht Mhíleata

11. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar shoghluaisteacht pearsanra, ábhair agus trealamh míleata do ghnáthghníomhaíochtaí agus le linn géarchéimeanna agus coinbhleachta, laistigh agus lasmuigh den Aontas, ar gach modh iompair (ar tír, san aer agus ar muir), agus i ngach treo straitéiseach, gur gá sin chun cur ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus ar an gcaoi sin cur le slándáil gach duine. Leis sin, beidh na Ballstáit in ann gníomhú níos tapúla agus níos éifeachtúla i gcomhthéacs an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta chomh maith le gníomhaíochtaí náisiúnta agus ilnáisiúnta.

12. Cuireann sí i dtreis nach bhféadfaí an feabhas sin a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata ach amháin le rannpháirtíocht agus tiomantas iomlán na mBallstát uile, i gcomhleanúint leis na tionscnaimh ábhartha ar leibhéal an Aontais lena n-áirítear i gcomhthéacs an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO). Ar an leibhéal náisiúnta, is gá, chuige sin, cur chuige ina gcuimseofar gach roinn rialtais agus rannpháirtíocht na n-údarás náisiúnta inniúla agus ní hamháin na hAireachtaí Cosanta.

13. Cuireann sí i bhfios san iarracht chomhchoiteann seo, gur gnéithe bunúsacha i gcónaí iad an cheannasacht, an chinnteoireacht náisiúnta agus ceanglais bhunreachtúla na mBallstát aonair lena n-áirítear maidir lena gcríoch náisiúnta agus soghluaisteacht agus iompar míleata; cáilíocht shonrach a mbeartas slándála agus cosanta; chomh maith le gnéithe eile, lena n-áirítear rialacha agus prionsabail chomhshaoil, agus déanfar na gnéithe sin a lánurramú.

14. Is díol sásaimh di an Plean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Mhíleata, a ghlac an Ardrúnaí agus an Coimisiún ar an 28 Márta 2018, agus molann sí go ndéanfaí an Plean a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile. Tugann sí dá haire na tograí ón gCoimisiún maidir le soghluaisteacht mhíleata i gcomhthéacs an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

15. Mar chéad chéim i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, formheasann an Chomhairle an chuid ardleibhéil uileghabhálach de na Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus iarrann sí go ndéanfaí bailchríoch a chur go pras ar shonraíochtaí teicniúla maidir le bonneagar iompair, feithiclí agus ualaí go luath i mí Iúil 2018, agus go ndéanfaí sainaithint geografach ar an mbonneagar is gá agus na hiarscríbhinní eile a mheastar a bheith réidh le bailíochtú tráth nach déanaí ná an tríú ráithe de 2018, agus cuireann sí i dtreis rannpháirtíocht na mBallstát sna hiarrachtaí seo.

16. Is díol sásaimh di an obair leanúnach faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, le dhá thionscadal nua maidir le Cead i ndáil le Gluaiseacht Trasteorann agus maidir leis na Ceanglais Mhíleata a bhaineann le Custaim a Chomhchuibhiú.

17. Athdhearbhaíonn sí gur cheart an comhar agus an comhordú le ECAT maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata a shaothrú a thuilleadh faoi chuimsiú na sraithe comhchoitinne de thograí i ndáil le cur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh, a shínigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i Vársá i mí Iúil 2016, chun cur chuige agus sineirgí comhleanúnacha a áirithiú idir na tionscnaimh ón Aontas agus ó ECAT faoi seach.

18. Iarrann sí ar na Ballstáit gníomhú ar an leibhéal náisiúnta chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na soghluaisteachta míleata, agus chun na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha a shimpliú agus a chaighdeánú i gcomhleanúint leis an bPlean Gníomhaíochta agus na Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, chomh luath agus is féidir ach tráth nach déanaí ná 2024, agus é a bheith mar aidhm acu na chéad céimeanna seo a leanas a bhaint amach roimh dheireadh na bliana 2019:

a) pleananna náisiúnta a fhorbairt maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata agus a gcur chun feidhme a bheith mar thús áite acu;

b) i gcomhréir leis na nósanna imeachta caighdeánaithe ábhartha agus faoi réir cinnteoireacht agus critéir náisiúnta, dlús a chur le nósanna imeachta trasnaithe teorann, agus chun na críche sin, obair a dhéanamh leis na húdaráis náisiúnta inniúla i dtreo ceadanna chun gluaiseacht trasteorann, lena n-áirítear iarrataí ar iontráil agus cead do gach modh (ar tír, san aer agus ar muir) agus gnéithe den ghluaiseacht agus den iompar míleata, maidir le gnáthghníomhaíochtaí, a dheonú laistigh de 5 lá oibre; agus machnamh a dhéanamh ar an tréimhse seo a laghdú a thuilleadh maidir le haonaid mhearfhreagartha;

c) an chumarsáid agus nósanna imeachta a éascú agus dlús a chur leo, agus chuige sin, líonra láidir idirnasctha a chruthú de Phointí Teagmhála Náisiúnta maidir le gach gné a bhaineann leis an tsoghluaisteacht mhíleata, le go bhféadfar déileáil le hiarrataí ar ghluaiseachtaí trasteorann go pras, i measc nithe eile;

d) úsáid a bhaint as freachnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana chun an tsoghluaisteacht mhíleata a chleachtadh ar bhonn níos rialta, lena n-áirítear le linn freachnaimh bheo agus gluaiseachtaí ar gearrfhógra.

Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ar bhonn bliantúil agus fillfidh sí ar an tsaincheist faoi shamhradh 2019 lena n-áirítear, más féidir, trí chuspóirí a shainaithint atá faoi cheangal ama níos uaillmhianaí.

<u>CBSC sibhialtach a neartú</u>

19. Is díol sásaimh di an obair leanúnach atá ar siúl agus meabhraítear di na conclúidí uaithi ón 28 Bealtaine 2018 maidir le CBSC sibhialtach a neartú agus athdhearbhaíonn sí an bealach chun tosaigh le plean forbartha maidir le cumas sibhialtach a chur i láthair faoi shamhradh na bliana 2018, agus Comhshocrú Sibhialtach CBSC a chur i láthair faoi mhí na Samhna 2018 agus lena cuireadh chuig an Ardrúnaí tuarascáil a thíolacadh maidir le cur chun feidhme CBSC sibhialtach neartaithe, mar chuid den tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme na Straitéise Domhanda.

Comhpháirtíochtaí sa tSlándáil agus sa Chosaint

20. Meabhraítear di na conclúidí uaithi ón 18 Bealtaine 2017 agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile araon. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar na comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha dul ar aghaidh leis an obair agus moltaí nithiúla a thíolacadh i dtráth cuí ar bhonn na dtograí a rinne an tArdrúnaí le déanaí chun cur chuige níos straitéisí a fhorbairt maidir le Comhpháirtíochtaí le tríú tíortha sa tslándáil agus sa chosaint. Cuireann an Chomhairle i dtreis go mba cheart comhpháirtithe idir an tAontas agus tríú tíortha a bheith chun tairbhe an dá thaobh agus go mba cheart dóibh iarrachtaí slándála agus cosanta an Aontais a neartú, agus ag an am céanna lánurraim a thabhairt do chreat institiúideach an Aontais chomh maith lena neamhspleáchas cinnteoireachta.

21. Tugann sí dá haire, agus is mór aici an obair leanúnach chun na tosaíochtaí comhpháirteacha don chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le síochánaíocht agus le bainistiú géarchéime don tréimhse 2019-2021 a threisiú, bunaithe ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh go dtí seo, agus ag cur san áireamh athchóirithe leanúnacha ag na Náisiúin Aontaithe maidir le síocháin agus le slándáil agus forbairtí ag an Aontais maidir le slándáil agus cosaint, ag díriú go háirithe ar an gcomhar agus an tionchar ar an talamh a threisiú.

22. Meabhraítear di na conclúidí uaidh maidir le comhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT ón 8 Meitheamh 2018 agus is díol sásaimh di an dul chun cinn breise a rinneadh i gcur chun feidhme na sraithe comhchoitinne tograí ón Aontas agus ó ECAT ina bhfuil 74 ghníomhaíocht a chumhdaíonn gach réimse a leagtar amach sa Dhearbhú Chomhpháirteach, a shínigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i Vársá i mí Iúil 2016. I ndáil leis an méid sin, tá an Chomhairle ag súil leis an Dearbhú Chomhpháirteach nua maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT a bheidh ann i mí Iúil 2018. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-áiritheoidh sí comhar maith agus athneartú comhpháirteach idir an tAontas agus ECAT, agus prionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais á n-urramú.

Athléimneacht a mhéadú agus inniúlachtaí a threisiú chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha

23. Is díol sásaimh di an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún agus na tuarascálacha a ghabhann leis, a glacadh ar an 13 Meitheamh 2018, agus tugann sí dá haire na moltaí maidir le hathléimneacht a neartú agus dul ar aghaidh leis an obair mar fhreagairt do na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mhí an Mhárta 2018 maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, agus na moltaí maidir le cabhair a thabhairt don Aontas gona Bhallstáit a n-inniúlachtaí a threisiú chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear i réimse na cibearshlándála, na cumarsáide straitéisí agus na frithfhaisnéise. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá le straitéis an Aontais maidir leis an gcumarsáid straitéiseach a fhorbairt a thuilleadh, i dteannta na mBallstát. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá obair chuimsitheach fhadtéarmach, lena n-áirítear maidir le hacmhainní, chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus chun athléimneacht an Aontais agus a Bhallstáit a threisiú. Agus cumas anailíse neamhspleách an Aontais á chur san áireamh, leagann an Chomhairle béim áirithe ar a thábhachtaí atá sé obair a dhéanamh i ndlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear ECAT. Tathantaíonn sí go rachfaí ar aghaidh leis an obair in am trátha agus go ndéanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn go rialta.

Is díol sásaimh di an tionscnamh le seisiún speisialta den Chomhdháil de na Stáit is Páirtithe de OPCW ar an 26 Meitheamh 2018 agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá torthaí láidre chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a threisiú. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an tAontas Eorpach gona Bhallstáit leis an dréachtchinneadh atá molta ag breis agus fiche tír agus iarrann siad ar na Páirtithe Stáit uile tacú leis an gcinneadh sin agus é a ghlacadh.